An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# Comhphlé sóisialta agus cúlú eacnamaíochta san earnáil baincéireachta: léargas domhanda

## Achoimre Feidhmiúcháin

### Réamhrá

I samhradh na bliana 2007, tharla an ghéarchéim airgeadais domhanda is measa ó theip an stocmhargaidh i 1929 sna Stáit Aontaithe. Scaip sí ar fud an domhain agus chuaigh sí i bhfeidhm ar na fíorgheilleagracha, agus bhí an cor chun donais gheilleagraigh is measa ar domhan le blianta anuas mar thoradh uirthi. Tá an ghéarchéim airgeadais dírithe go mór ar na SA agus ar an Eoraip, agus níl curtha isteach go mór ar na hearnálacha baincéireachta sa tSeapáin, sa Bhrasaíl agus sa tSín. Dá thoradh sin, idir na blianta 2008 agus 2010, tháinig laghdú ar na leibhéil fostaíochta sna hearnálacha baincéireachta sna SA agus i mórán tíortha Eorpacha, agus ba bheag an t-athrú a tháinig ar threochtaí fostaíochta sa tSeapáin, sa tSín agus sa Brasaíl.

San Eoraip, is deacair éifeachtaí na géarchéime airgeadais ar an tionscal baincéireachta a dheighilt uathu siúd a tháinig chun cinn ón athstruchtúrú tábhachtach a bhí ar bun san earnáil cheana féin sna blianta roimh an ghéarchéim. Bhí méadú ag teacht ar fhostaíocht sna Ballstáit nua agus sa Spáinn, sa Ghréig, sa Phortaingéil agus in Éirinn agus bhí laghdú ag teacht uirthi cheana féin i roinnt tíortha in iarthar na hEorpa (an Ostair, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Danmhairg nó an Bheilg), ag léiriú go páirteach aistriú méadaitheach na n-oibríochtaí de ghrúpaí móra baincéireachta ó na tíortha deireanacha a luadh chuig na chéad tíortha a luadh.

### Comhthéacs beartais

Tá an ghéarchéim gheilleagrach imithe i bhfeidhm go hollmhór ar leibhéil foriomlána fostaíochta, ach d'ainneoin caillteanais mhóra poist i mórán geilleagracha, bheadh tionchar na laghduithe ar ghníomhaíocht gheilleagrach tar éis a bheith níos mó in éagmais idirghabhálacha poiblí. Tá beartais fairsinge fioscacha agus airgeadaíochta curtha i bhfeidhm ag an chuid is mó de gheilleagracha forbartha agus éiritheacha d'fhonn dul i ngleic leis an ngéarchéim.

Tá tionchar míchothrom tar éis a bheith ag an ngéarchéim airgeadais ar earnálacha baincéireachta ar fud na ngeilleagracha móra domhanda. Ar thaobh amháin, níl curtha isteach go mór ar na hearnálacha airgeadais sa tSeapáin, sa Bhrasaíl agus tSín agus ní raibh ar údaráis áitiúla ach déileáil le roinnt fadhbanna leachtachta i gcórais bhaincéireachta. Ar an taobh eile de, ní amháin gur thug córais bhaincéireachta sna SA agus i mórán tíortha Eorpacha aghaidh ar fhadhbanna leachtachta, ach ar fhadhbanna sócmhainneachta freisin. Bhí gá roinnt institiúidí airgeadais a tharrtháil agus cuireadh cláir phoiblí gan sárú i bhfeidhm d'fhonn teip an chórais airgeadais a sheachaint.

I dtús báire, thug bainc cheannais freagairt ar an ngéarchéim éiritheach trí leachtacht a chur isteach sna córais airgeadais agus níos déanaí, thosaigh rialtais ag baint úsáide as bearta tarrthála ad-hoc a bhí dírithe ar insititiúidí aonair. Tar éis cliste Lehman Brothers ar 15 Meán Fómhair 2008, neartaigh rialtais san Eoraip agus sna SA a gcur chuige i ndáil le tacaíocht a thabhairt d'earnálacha airgeadais trí scéimeanna leathana náisiúnta a ghlacadh: árachais taiscí, ráthaíochtaí maidir le bannaí bainc, instealltа caipitil agus bearta chun faoiseamh a sholáthar ó shócmhainní leagáide. Tá insteallta caipitil níos mó sna SA ná mar atá san AE, mar aon le haisíocaíochtaí caipitil atá déanta ag bainc sna SA go dtí seo.

Tá dúshlán curtha ag an ngéarchéim faoi chórais chaidrimh thionsclaíoch na hEorpa, ach tá cúnamh tugtha ag páirtithe sóisialta don earnáil i ndéileáil leis an tionchar diúltach ar mhargaí saothair. Tá sé éirithe níos deacra dul i mbun cómhargála i rith na géarchéime ach tá treisiú déanta uirthi mar sin féin agus tá úsáid bainte aisti chun athruithe a chur i bhfeidhm san earnáil. Tá ceardchumainn agus cumainn fostóirí imithe i muinín, d'ainneoin de réir leibhéal athraitheach, na n-uirlisí éagsúla atá ar fáil dóibh: cómhargáil atá dírithe ar fhostóirí a chosaint i gcás athstruchtúraithe agus iomarcaíochtaí nó atá dírithe ar fhostaíocht a chosaint san earnáil trí bhearta a chur i bhfeidhm cosúil le ham oibre laghdaithe; comhphlé sóisialta atá dírithe ar an staid a anailísiú agus bearta a mholadh d'fhonn poist a choinneáil nó

a chruthú san earnáil baincéireachta; tionscnaimh eile de chuid na gcomhpháirtithe sóisialta a bhféadfadh feabhsú ar dhálaí fostaíochta agus oibre san earnáil a bheith mar thoradh orthu.

## Príomhthátail

San AE-27 ina iomláine, cailleadh 250,000 post san earnáil baincéireachta idir 2008 agus 2010. Ciallaíonn sé seo gur tháinig laghdú 6% ar fhostaíocht, níos mó ná an meanlaghdú fostaíochta sa gheilleagar iomlán (-2.4%), ach i bhfad ó na ceartaithe móra fostaíochta sna hearnálacha déantúsaíochta agus tógála (os cionn 10%). Go tábhachtach, cailleadh 187,000 post sa RA amháin, príomhionad airgeadais na hEorpa. Ciallaíonn sé seo go mbeadh an meath fostaíochta san earnáil baincéireachta níos ísle ná an meán san AE idir 2008 agus 2010 gan an RA.

Tá meascán de chásanna idir thíortha. Tharla na laghduithe fostaíochta is mó sa RA (-25%), sa Bheilg (-15.2), sa Phortaingéil (-14.8%), san Ungáir (-12.7%), san Íslitír (-12.5%), sa Bhulgáir (-11.9%), sa Spáinn (-11%), sa Laitvia (-10.1%) agus i bPoblacht na Seice (-9.9%), fad is a breathnaíodh méaduithe tábhachtacha fostaíochta sa Rómáin (25.3%), i Lucsamburg (23.1%), sa Liotuáin (16.9%), i Málta (10.9%), sa Pholainn (7.6%) agus sa Fhrainc (5.4%).

Sna SA, braitheadh tionchar na géarchéime níos luaithe ná sin: tháinig laghdú níos mó ná 10% ar líon na bhfostaithe san earnáil baincéireachta idir 2006 agus 2010 (400,000 post caillte) agus 7% idir 2008 agus 2010. Sa tSeapáin, agus go háirithe sa Bhrasaíl agus sa tSín, is cosúil go bhfuil an leibhéal fostaíochta san earnáil baincéireachta méadaithe le linn na géarchéime.

San Eoraip, tá caidreamh tionsclaíoch bunaithe go maith san earnáil, tá comhphlé sóisialta láidir, agus tá na leibhéil cheardchumannaithe os cionn an mheáin náisiúnta sa chuid is mó de thíortha agus tá cumhdach cómhargála réasúnta ard. Tarlaíonn cómhargáil san earnáil baincéireachta ar leibhéal earnála den chuid is mó sa Ghearmáin, sa Fhrainc, sa Spáinn agus san Iodáil; is é leibhéal na cuideachta atá i réim sa RA, san Ungáir agus san Íslitír agus ní tharlaíonn sé san Eastóin.

Tá méadú tagtha ar chómhargáil i rith na géarchéime i roinnt tíortha Eorpacha. Tá samplaí ann de bhearta a bhí ann cheana féin d'fhonn poist a chosaint a bheith glactha, cosúil leis an gCiste Iomarcaíochta san Iodáil nó roinnt ionstraimí a cruthaíodh sa Ghearmáin chun déileáil le géarchéim roimhe seo. In ainneoin sin, i gcomparáid leis an earnáil déantúsaíochta, tá cómhargáil atá dírithe ar na leibhéil foriomlána fostaíochta san earnáil a chothú trí réitigh cosúil le scéimeanna oibre gearr-ama, neamhbhríoch san earnáil baincéireachta. Sa chuid is mó de chásanna, tá cómhargáil dírithe ar mhaolú pá agus ar fhairsinge agus ar thionchar sóisialta na n-iomarcaíochtaí (deonach go minic) a theorannú trí phleananna sóisialta arna n-idirbheartú ar leibhéal cuideachta i gcásanna athstruchtúraithe ollmhóir.

Tá roinnt samplaí nuálaíochta de chómhargáil ar leibhéal earnála i rith na géarchéime le fáil sa Ghearmáin agus sa Fhrainc, fad is a léiríonn cásanna Unicredit agus Danske Bank céimeanna tábhachtacha i dtreo bunú córas trasteorann Eorpach de chaidreamh tionsclaíoch ar leibhéal cuideachta. Cé gur chuathas i mbun plé le páirtithe sóisialta ar leibhéal Eorpach san earnáil baincéireachta, níltear tar éis teacht ar chomhaontú maidir le gníomh comhpháirteach go fóill. Sna SA, níl ról ag cómhargáil san earnáil baincéireachta. Is ionann leibhéal an cheardchumannaithe agus 1.2% san earnáil airgeadais agus árachais, atá go mór faoi bhun an mheáin náisiúnta, agus níl ceardchumainn ach ag 13 as 7,830 banc tráchtála.

Sa tSeapáin, is ceardchumainn chuideachta iad an chuid is mó de cheardchumainn, toisc go dtugtar faoi chómhargáil ar leibhéal cuideachta. Tá an ráta ceardchumannaithe san earnáil airgeadais (34.8%) os cionn an mheáin náisiúnta (faoi bhun 20%). De bharr tionchair theoranta na géarchéime airgeadais in earnáil baincéireachta na Seapáine, tá babhtaí cómhargála tar éis díriú ar shaincheisteanna traidisiúnta cosúil le tuarastail, íocaíochtaí bónais, sochair imeallacha nó uaireanta oibre.

Tá ról an chomhphlé sóisialta agus na cómhargála teoranta sa Bhrasaíl os rud é go mbaineann ardleibhéal idirghabhála stáit le córas caidrimh oibreachais na Brasaíle. Tá an earnáil baincéireachta ar cheann de na hearnálacha amháin sa Brasaíl ina dtugtar faoi chómhargáil ar leibhéal náisiúnta seachas ar leibhéal réigiúnach stáit: déantar an comhaontú comhchoiteann a athnuachan go bliantúil agus bíonn an toradh bailí le haghaidh an tionscail iomláin, le roinnt clásal á gcomhlánú ag comhaontaithe ar leibhéal cuideachta.

Sa tSín, is ionann na fostaithe uile i mbainc agus comhaltaí uathoibríocha de na ceardchumainn sna haonaid áitiúla, agus déanann Aontas Airgeadais na Síne ionadaíocht orthu go léir, atá ar cheann de na deich gceardchumann ar leibhéal tionsclaíoch sa tír. Ní thugtar faoi chómhargáil.

**Tuilleadh faisnéise**

Tá an tuarascáil *Recession and social dialogue in the banking sector* (*Comhphlé sóisialta agus cúlú eacnamaíochta san earnáil baincéireachta*) ar fáil ag http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef1115.htm

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise, déan teagmháil le Carlos Vacas Soriano, Oifigeach Taighde, cva@eurofound.europa.eu